# Polasaí Bí Cineálta chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic Léi

Ghlac Bord Bainistíocht Ghaelscoil Bhun Cranncha an polasaí seo a leanas chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Comhlíonann an polasaí seo go hiomlán ceanglais *Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* 2024.

Aithníonn an Bord Bainistíochta go gcuireann iompraíocht bhulaíochta as do chearta an linbh mar a leagtar amach i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh. Tá freagracht orainn go léir, mar phobal scoile, oibriú le chéile chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi agus chun déileáil leis an tionchar diúltach a bhíonn ag iompraíocht bhulaíochta.

Táimid tiomanta do chinntiú go gcoinnítear gach scoláire a fhreastalaíonn ar ár scoil saor ó dhíobháil agus go bhfuil folláine ár scoláirí chun tosaigh i ngach rud atá á dhéanamh againn. Aithnímid an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag iompraíocht bhulaíochta ar shaol ár scoláirí agus táimid tiomanta go hiomlán d'iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi.

Deimhnímid go ndéanfaimid, i gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhionannais, gach beart atá indéanta de réir réasúin chun ciapadh scoláirí nó baill foirne a chosc ar aon cheann de na naoi bhforas a shonraítear: inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus a bheith mar bhall den Lucht Siúil.

## Sainmhíniú ar an mbulaíocht

Tugtar sainmhíniú ar an mbulaíocht in *Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht agus Bí Cineálta: Gnásanna chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna* mar:

Iompraíocht spriocdhírithe, ar líne nó as líne a dhéanann dochar. D'fhéadfadh an dochar a dhéantar a bheith fisiciúil, sóisialta agus/nó mothúchánach. Leanann iompraíocht bhulaíochta ar aghaidh thar thréimhse ama agus bíonn neamhchothroime cumhachta i gceist ann sa chaidreamh idir beirt nó grúpaí daoine sa tsochaí.

(Tugtar an sainmhíniú mionsonraithe i gCaibidil 2 de ghnásanna Bí Cineálta).

Ní mór do gach scoil polasaí Bí Cineálta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ina leagtar amach conas a chuireann pobal na scoile cosc ar iompraíocht bhulaíochta agus conas a théann sé i ngleic léi. Déantar foráil i gCód Iompraíochta na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí nach iompraíocht bhulaíochta í.

## Iompar Nach Bulaíocht É

- Má tá an dochar athchleachtach fíor don dalta atá ag fulaingt an iompair, ach nárbh é an rún a bhí ag an dalta eile, ní mheastar gur bulaíocht é seo. Tá sé tábhachtach, áfach, go ndéileálfar leis faoi Chód Iompair na scoile.
- D'fhéadfadh go mbeadh deacrachtaí cumarsáide sóisialta ag roinnt daltaí le riachtanais speisialta oideachais, rud a fhágann go gcuireann siad a riachtanais in iúl trí iompar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh féin nó do dhaoine eile. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gá go bhfuil na hiompraíochtaí seo d'aon ghnó ná pleanáilte, ach i gcásanna áirithe, is freagairt uathoibríoch iad nach bhfuil smacht acu orthu. Déanfaidh an scoil machnamh ar leith ar riachtanais bhreise na ndaltaí RSO maidir le cur i bhfeidhm clár agus forbairt scileanna agus straitéisí a chabhróidh le gach dalta freagairt go cuí.

- Ní mheastar easaontas idir daltaí mar bhulaíocht mura mbíonn iarrachtaí d'aon ghnó agus athchleachtacha i gceist chun cruachás, eisiamh nó gráin daoine eile a chruthú.

## Samplaí d'Iomair Bhulaíochta

Seo thíos liosta cuimsitheach, ach neamhíomlán, d'fhoirmeacha éagsúla d'iompar ciaptha:

| | |
|---|---|
| **Iompraíochtaí a bhaineann le gach saghas Tromaíocht** | ➢ Ciapadh bunaithe ar cheann ar bith de na naoi bhforas sa reachtaíocht comhionannais e.g. ciapadh gnéasach, tromaíocht homafóbach, bulaíocht chiníocht, etc.<br>➢ Forrántacht fhisiciúil<br>➢ Damáiste do mhaoin<br>➢ Leasainmneacha a ghlaoch<br>➢ Cleithmhagadh<br>➢ Pictiúir, focail i scríbhinn, nó ábhar eile a tháirgeadh, a thaispeáint nó a scaipeadh atá dírithe ar dhuine eile a imeaglú<br>➢ Graifítí maslach<br>➢ Sracadh (extortion)<br>➢ Imeaglú<br>➢ Gothaí maslaitheacha nó gáirsiúla<br>➢ 'Amharc' faoi leith<br>➢ Cur isteach ar spás pearsanta<br>➢ Meascán de na cinn a luaitear. |
| **Cibearthromaíocht** | ➢ Tromaíocht: Ráflaí, bréaga nó biadán a scaipeadh chun dochar a dhéanamh do cháil duine eile<br>➢ Ciapadh: Teachtaireachtaí oilc, suaracha nó gáirsiúla a sheoladh chuig duine go leanúnach<br>➢ Pearsanú: Teachtaireachtaí maslaitheacha nó forrántacha a phóstáil faoi ainm duine eile<br>➢ Gríosadh: Úsáid a bhaint as focail gháirsiúla nó ghríosaitheacha chun troid ar líne a spreagadh<br>➢ Cleasaíocht: Dallamullóg a chur ar dhuine eolas pearsanta a roinnt agus an t-eolas sin a úsáid ar líne ina dhiaidh sin<br>➢ Sceitheadh: Eolas nó íomhánna rúnda a phostáil nó a roinnt<br>➢ Leithcheal: Leithcheal a dhéanamh ar dhuine ó ghrúpa ar líne d'aon ghnó<br>➢ Cibear-stalcaireacht: Ciapadh agus tromaíocht leanúnach a fhágann go mbíonn eagla a b(h)eatha/a s(h)ábháilteachta ar duine<br>➢ Glao tostach gutháin/gutháin phóca<br>➢ Glao maslach gutháin/gutháin phóca<br>➢ Teachtaireacht téacs mhaslach<br>➢ Teachtaireacht ríomhphoist mhaslach<br>➢ Cumarsáid mhaslach ar líonraí sóisialta e.g. Facebook/Ask.fm/ Twitter/You Tube nó ar chonsóil chluichí<br>➢ Ráitis/Blaganna/Pictiúir mhaslacha idirlín<br>➢ Postálacha maslacha ar cineál ar bith teicneolaíochta cumarsáide |
| **Iompraíochtaí bunaithe ar Aitheantas**<br>**Lena n-áirítear aon cheann de na naoi bhforas idirdhealúcháin a luaitear sa Reachtaíocht um Chomhionannas** (inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine agus toisc gur den Lucht Taistil iad). | |

| | |
|---|---|
| **Homafóbach agus Trasinscne** | ➢ Ráflaí a scaipeadh faoi chlaonadh gnéasach duine<br>➢ Tathant ar dhuine a bhfuil claonadh gnéasach difriúil aige/aici<br>➢ Leasainmneacha a ghlaoch, e.g. aerach, casta, lúbtha, a úsáidtear chun caitheamh anuas ar dhuine<br>➢ Imeaglú fisiciúil nó ionsaí<br>➢ Bagairtí |
| **Cine, náisiúntacht, cúlra eitneach agus** | ➢ Idirdhealú, réamhchlaonadh, ráitis nó maslaí a bhaineann le<br>➢ cine, náisiúntacht, cultúr, aicme shóisialta, creideamh, cúlra, eitneach nó an Lucht Taistil |
| **Ballraíocht de phobal an Lucht Taistil** | ➢ Leithcheal de bhun aon cheann acu seo thuas |
| **Caidreamhach** | ➢ Is éard atá i gceist anseo caidrimh a mhí-ionramháil mar bhealach chun bulaíocht a dhéanamh. Ar na hiompraíochtaí tá:<br>➢ Biadán maslach<br>➢ Leithcheal agus aonrú<br>➢ Neamhaird<br>➢ Leithcheal ó ghrúpa<br>➢ Cairde a bhaint de dhuine<br>➢ 'Bitseáil'<br>➢ Ráflaí a scaipeadh<br>➢ Rún a sceitheadh<br>➢ Caint sách ard le go gcloisfeadh an t-íobartach í<br>➢ 'Amharc' faoi Leith<br>➢ Téarmaíocht cosúil le 'nerd' a úsáid le cur isteach ar dhuine. |
| **Gnéasach** | ➢ Ráitis nó tadhall gnéasach mífhóirsteanach nó gan choinne<br>➢ Ciapadh |
| **Riachtanais Speisialta Oideachais, Míchumas** | ➢ Leasainmneacha a ghlaoch<br>➢ Cathú a chur ar dhaoine eile mar gheall ar a míchumas nó riachtanais foghlama<br>➢ Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta bulaíocht a aithint agus iad féin a chosaint<br>➢ Teacht i dtír ar leochaileachtaí daltaí eile agus ar a gcumas teoranta cúinsí sóisialta agus leideanna sóisialta a aithint agus iad féin a chosaint.<br>➢ Athris a dhéanamh ar mhíchumas duine eile<br>➢ Ceap magaidh a dhéanamh de dhaoine eile |

Ní thagann eachtraí aonaracha nó aonuaire d'iompar diúltach d'aon ghnó faoi shainmhíniú na bulaíochta agus ba cheart déileáil leo, de réir mar is cuí, faoi Chód Iompair na scoile.

Mar sin féin, measfar mar bhulaíocht é má chuirtear teachtaireacht, íomhá nó ráiteas príobháideach nó poiblí maslach nó gortaitheach suas ar shuíomh líonra sóisialta nó ar fhóram eile, fiú amháin uair amháin, má tá sé in amharc ag daoine eile nó má tá sé in-athsheolta.

Déileálfar le hiompar diúltach nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar chiapadh faoi Chód Iompair na scoile.

## Mír A: Forbairt/athbhreithniú ar ár bpolasaí Bí Cineálta chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi

Tugadh deis do gach ball dár bpobal scoile ionchur a bheith acu i bhforbairt/athbhreithniú an pholasaí seo.

| | **Dáta an Chomhairliúcháin** | **Modh comhairliúcháin** |
|---|---|---|
| **Foireann na Scoile** | 27/01/25<br><br>07/04/25<br><br>16/05/25 | Cúrsa Oide Bí Cínealta (2 bhall foirne<br><br>Suirbhé Foirne (Gach ball foirne)<br><br>Leathlae Dúnadh Scoile (Pleanáil – Fóram Oscailte) |
| **Daltaí** | 07/04/25 | Suirbhé na nDaltaí (Gach dalta) |
| **Tuismitheoirí** | 07/04/25<br><br>06/25 | Suirbhé tuismitheora<br>Cumarsáid Oscailte<br>Dréachtchóip den pholasaí |
| **Bord Bainistíochta** | 18/06/25 | Athbhreithniú ar an pholasaí ag cruinniú boird |
| **Pobal na scoile i gcoitinne (de réir mar is cuí mar shampla tiománaithe bus)** | 06/25 | Cumarsáid Oscailte<br>Polasaithe foilsithe ar an suíomh idirlín |
| **An dáta ar faomhadh an polasaí:** 18/06/25 | | |
| **An dáta is déanaí a ndearnadh athbhreithniú ar an bpolasaí:** | | |

## Mír B: Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc

Leagtar amach sa mhír seo na straitéisí coisctheacha a úsáidfidh an scoil. Ina measc sin tá straitéisí atá dírithe go sonrach ar iompraíocht bhulaíochta ar líne a chosc, iompraíocht bhulaíochta homafóbach agus trasfhóbach, iompraíocht bulaíochta ciníche, iompraíocht bulaíochta gnéasaí agus ciapadh gnéasach de réir mar is cuí. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta).

**Cultúr agus Timpeallacht**

- Cur chuige scoile iomláin chun meas a chothú do gach ball den phobal scoile.
  Trí chláir ar nós 'Cool School' (PDST), foghlaimíonn páistí faoi chearta an duine, féinmheas, muinín, cuireann siad béim ar an difríocht idir ceart agus mícheart agus ceiliúrann siad éagsúlachtaí pearsanta.
- Cur chun cinn luach na héagsúlachta chun déileáil le ceisteanna claonta agus stéireatíopa, agus chun mí-úsáid a chur i láthair mar iompar neamh-inbhraite. Míniú agus ceiliúradh a dhéanamh ar néar-éagsúlacht laistigh den seomra ranga/scoile.
  *Má tá riachtanais speisialta ag páiste, tabharfar aird ar a gcumas freagra a thabhairt go cuí ar iompar bulaíochta agus ar a n-áireamh i ngach gné den saol scoile agus beidh sé sin doiciméadaithe ina bpróifíl agus Plean Tacaíochta más cuí.*
- Féinmheas ár bpáistí go léir a chothú agus a fheabhsú trí ghníomhaíochtaí curaclaim agus seach-curaclaim. Cuirfear deiseanna ar fáil do na daltaí chun mothú dearfach féinluach a fhorbairt trí idirghníomhaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.
  Coiste Cineáltas
  Coiste Folláine
  Coiste Scoileanna Gníomhacha
  Coiste Bratach Ghlas
  Foireann Spóirt – peil, sacar, lúthchleasaíocht srl.
  Foireann Ficheall
  Cairde Cinéaltas
  Cártaí Cineáltas – tugtha ag an múinteoir maoirseachta/múinteoir ranga as gníomhartha cineáltas.
  Teastas Cineáltas ag tionól na scoile
  Réimsí Rialaithe i ngach seomra ranga
  Tionscadail Ealaíne – tionscnaimh sa phobal, m.sh. le haonad altranais áitiúil
- Forbairt Foirne ar iompar bulaíochta chun a chinntiú go bhfuil eolas ag gach ball den fhoireann ar cad é bulaíocht, conas a théann sé i bhfeidhm ar shaol na ndaltaí agus an gá le freagairt chuige – cosc agus idirghabháil.
- Foghlaim ghairmiúil le béim ar oiliúint an mhúinteora/na múinteoirí ábhartha – Friends for Life.
- Eolas agus oiliúint faoin mbulaíocht ar fud na scoile, lena n-áirítear daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus pobal scoile níos leithne.
- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, dorchlaí, tailte na scoile, turais scoile agus gníomhaíochtaí seach-curaclaim. Moltar don fhoireann neamh-mhúinteoireachta agus chúnamhach a bheith gníomhach agus tuairisciú a dhéanamh do mhúinteoirí ábhartha. Déanfar maoirseacht freisin ar úsáid na dteicneolaíochtaí cumarsáide ag daltaí laistigh den scoil.
  *Déanann daltaí a úsáideann na gléasanna ar líne, atá cosanta le pasfhocal, amhlaidh faoi mhaoirseacht.*

**Caidreamh agus Comhpháirtíochtaí**

- Rannpháirtíocht choistí na ndaltaí (Cineáltas, Folláine, Gníomhach, Brat Glas) i gcur le timpeallacht scoile shábháilte, m.sh. Binse Cairdis, Cairde Cinéaltais (bibeanna gorma sa chlós) agus

gníomhaíochtaí tacaíochta eile do dhaltaí a chabhraíonn le meas agus tacaíocht a spreagadh idir comh-dhaltaí.

- Forbairt agus cur chun cinn chód frithbhulaíochta na ndaltaí don scoil – le cur san áireamh i ndialanna na ndaltaí agus le taispeáint go poiblí sna seomraí ranga agus in áiteanna coiteanna na scoile.
- Pléitear polasaí frithbhulaíochta na scoile le daltaí agus le tuismitheoirí/caomhnóirí agus tá cóipeanna ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile.
  *Cuirfear tuismitheoirí agus páistí ar an eolas faoin pholasaí frithbhulaíochta uasdátaithe seo. Spreagtar agus cabhraítear le páistí "níl" a rá le bulaíocht agus tuairisciú a dhéanamh ar eachtraí bulaíochta.*
- Seachtain Cairdis/Frith-Bhulaíochta.
  *Gach bliain i mí na Samhna, le linn Sheachtain Idirnáisiúnta Frithbhulaíochta, scaoileann Aonad Forbartha Sláinte an FSS (HSE) pacáiste téamaíochta do na scoileanna rannpháirteacha, lena n-áirítear pleananna ceachta, gníomhaíochtaí scoile iomlána mholta agus faisnéis do thuismitheoirí agus foirne. Glacaimid leis an bpacáiste seo a bhfuil ról suntasach aige in oideachas frithbhulaíochta na scoile. Ag Gaelscoil Bhun Cranncha i rith na seachtaine:*
  *- Déantar athbhreithniú bliantúil ar an bpolasaí frithbhulaíochta*
  *- Múintear ceacht foirmeálta ar an ábhar i ngach rang go laethúil*
  *- Léirítear úrscéal/scéal ranga ar an ábhar bulaíochta i ngach rang go laethúil*
  *- Léann agus síníonn páistí agus tuismitheoirí conradh frithbhulaíochta (cóip san áireamh)*
  *- Déanann an scoil gníomhaíocht scoile iomlán chun feasacht ar bhulaíocht a spreagadh agus an tseachtain a cheiliúradh.*
  *- Scaipeann an scoil ceistneoir ar bhulaíocht chuig na daltaí go léir chun eolas a bhailiú agus chun plé a spreagadh faoin ábhar sa bhaile.*
  *- Scaipeann an scoil eolas do thuismitheoirí faoi shuíomhanna gréasáin le rochtain a fháil orthu, caint speisialtóra, líonraí tacaíochta atá ar fáil agus straitéisí frithbhulaíochta ginearálta trí theachtaireachtaí téacs laethúla agus nuachtlitir.*
  *- Gach dhá bhliain tugtar cuireadh do chainteoir sábháilteachta idirlín chun ceardlanna a reáchtáil do thuismitheoirí, foireann agus daltaí.*
  *- Moltar Webwise.ie go gníomhach i measc tuismitheoirí agus daltaí mar fhoinse iontach faisnéise faoi shábháilteacht idirlín.*
  *- Múintear Clár Friends for Life do Rang 3 gach bliain nuair a bhíonn ball foirne oilte ar fáil.*
  *- Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go gcuirtear téamaí agus straitéisí Sheachtain Frithbhulaíochta i gcuimhne go rialta i rith na bliana scoile.*

- Cultúr a chur chun cinn chun tuairisciú a dhéanamh, le béim ar an tábhacht a bhaineann le lucht féachana. Mar sin gheobhaidh daltaí muinín le "tuairisciú". Tá an fachtóir muiníne seo fíorthábhachtach. Ba chóir a bheith soiléir do gach dalta nuair a thuairiscíonn siad eachtraí bulaíochta nach scéal a insint atá á dhéanamh acu ach go bhfuil siad ag gníomhú go freagrach.

- A chinntiú go bhfuil a fhios ag daltaí cé dó/di le hinsint agus conas:
  • Dul díreach chuig an múinteoir ag am cuí, mar shampla tar éis an ranga.
  • Tabhair nóta faoi in éineacht leis an obair bhaile
  • Moltar do pháistí "an t-Ollphéist Buairimh" nó "an Bosca Buairimh" a úsáid sa seomra ranga
  • D'fhéadfadh múinteoirí córas cairdis (buddy) a chur i bhfeidhm sa rang agus/nó ar an gclós.
  • Iarr ar thuismitheoir/caomhnóir nó cara tuairisciú a dhéanamh thar do shon.

**Curaclam**

- Múintear na Cláir Bí Slán & OCG ó Naíonáin go Rang a Sé agus tá ceachtanna ar leith dírithe ar bhulaíocht i ngach leibhéal ranga a spreagann féinmheas agus athléimneacht. Úsáidtear ceachtanna freisin ó #UP2US, Walk Tall, On My Own Two Feet de réir mar is gá.
- Múintear ceachtanna OSPS i Ranganna 5 & 6 (ag leanúint clár Webwise) chun páistí a threorú maidir le sábháilteacht ar an idirlíon. Foghlaimíonn na páistí conas iad féin a iompair i gceart ar líne chun

iad féin agus daoine eile a choinneáil sábháilte. Tá na teidil/acmhainní seo a leanas á n-úsáid chun ceachtanna a chur i bhfeidhm ar fud na scoile ar ionsaí caidrimh (Cool School Programme: A Friend in Deed), Bulaíocht Ar Líne (#UP2US, Be Safe-Be Webwise, Think Before You Click, Let's Fight it Together, acmhainní do Mhúinteoirí Webwise Primary), Bulaíocht Homafóbach agus Trasfóbach (Growing up LGBT, Clár Stand Up, Pacáiste The Trust), Éagsúlacht agus Idirchultúrthachas (Clár Amber Flag).

- Múintear Clár OSPS na nGardaí. Déanann Gardaí Pobalacha na ceachtanna seo a bhaineann le sábháilteacht phearsanta agus bulaíocht ar líne a theagasc.
- Déanfaidh an scoil machnamh speisialta ar riachtanais bhreise na ndaltaí RSO maidir le cur i bhfeidhm an chláir agus forbairt scileanna agus straitéisí chun go mbeidh gach dalta in ann freagairt go cuí.

**Polasaí agus Pleanáil**

- Forbairt Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín sa scoil chun na céimeanna riachtanacha a áireamh chun monatóireacht chruinn a dhéanamh ar rochtain ar theicneolaíocht laistigh den scoil, agus úsáid na bhfón póca ag daltaí.
- Maoirseacht agus monatóireacht ar sheomraí ranga, dorchlaí, tailte scoile, turais scoile agus gníomhaíochtaí seach-curaclaim. Moltar don fhoireann neamhmhúinteoireachta agus chúnamhach a bheith gníomhach agus tuairisciú a dhéanamh do mhúinteoirí ábhartha. Déantar maoirseacht freisin ar úsáid na dteicneolaíochtaí cumarsáide ag daltaí laistigh den scoil.

Tá na polasaithe maoirseachta agus monatóireachta a leanas i bhfeidhm ag an scoil chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. (Féach Caibidil 5 de ghnásanna Bí Cineálta)

**Nascanna le Polasaithe Eile**

Tacaíonn an Polasaí Frith-Bhulaíochta seo le polasaithe uile na scoile, go háirithe leis na polasaithe seo a leanas:

- Cód Dea-Iompar
- Ráiteas um Chosaint Leanaí & Measúnú Riosca
- Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín
- Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta
- Polasaí Iontrála
- Polasaí maidir le hÚsáid Fón Póca

## Mír C: Ag dul i ngleic le hIompraíocht Bhulaíochta

Seo a leanas an múinteoir/na múinteoirí atá freagrach as dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta:

Múinteoirí príomhshrutha agus Oideachas Speisialta. Tabharfaidh an Príomhoide/Príomhoide Tanáiste tacaíocht agus comhairle agus glacfaidh siad páirt sa phroiséas de réir mar is cuí.

Nuair a tharlaíonn iompraíocht bhulaíochta, déanfaidh an scoil:

- A chinntiú go n-éistear leis an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici agus go gcuirtear é/í ar a s(h)uaimhneas.
- Iarracht príobháideacht na ndaoine atá i gceist a chinntiú.
- Gach comhrá go híogair.
- Aois agus cumas na ndaoine atá i gceist a mheas.
- A éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á dhéanamh air/uirthi maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás.
- A ghníomhú go tráthúil.
- Tuismitheoirí na ndaoine atá i gceist a chur ar an eolas.

Is iad seo a leanas na céimeanna a ghlacfaidh an scoil le fáil amach an raibh iompraíocht bhulaíochta á déanamh, na cuir chuige a glacfar chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

**Tuairisciú ar Iompar Bulaíochta**

• Féadfaidh aon dalta nó tuismitheoir/caomhnóir eachtra bulaíochta a chur in iúl d'aon mhúinteoir sa scoil.

• Déanfar iniúchadh ar gach tuairisc, lena n-áirítear tuairiscí anaithnid ar bhulaíocht, agus rachaidh an múinteoir ábhartha i ngleic leo.

• Caithfidh foireann teagaisc agus neamh-theagaisc mar rúnaithe, cúntóirí riachtanas speisialta (CRSanna), lucht faire bus, cúramóirí agus glantóirí aon eachtraí bulaíochta a fheiceann siad nó a luaitear leo a thuairisciú don mhúinteoir ábhartha.

De réir Caibidil 6 de *Nósanna Imeachta Bí Cineálta chun Iompar Bulaíochta a Chosc agus a Láimhseáil* agus Aguisín C de na nósanna imeachta, leanfaidh ár scoil na céimeanna seo nuair a dhéanfar tuairisc ar iompar bulaíochta:


### Ag Dearbhú ar tharla Bulaíocht

- Chun a chinneadh an iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht a thuairiscítear, déanann an fhoireann machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

  >an bhfuil an iompraíocht dírithe ar scoláire ar leith nó ar ghrúpa scoláirí?

  > an bhfuil sé i gceist dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach á dhéanamh de bharr na hiompraíochta?

  > an bhfuil an iompraíocht á léiriú arís agus arís eile?




- Más 'Tá' an freagra ar gach ceann de na ceisteanna thuas, is iompraíocht bhulaíochta í an iompraíocht agus ba chóir dul i ngleic léi de réir Ghnásanna Bí Cineálta.
- Más 'Níl' an freagra ar aon cheann de na ceisteanna thuas, ní iompraíocht bhulaíochta an iompraíocht. Déantar foráil i gCód Iompair na scoile do straitéisí chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí.
- D'fhéadfadh sé go measfaí gurb ionann eachtraí aon uaire agus bulaíocht i gcásanna áirithe. D'fhéadfadh sé go measfaí gur iompraíocht bhulaíochta atá i gceist le teachtaireacht ghoilliúnach amháin a phostáil ar na meáin shóisialta mar is ródhócha go ndéanfar í a roinnt mórán uaireanta agus mar sin déanfar iompraíocht leantach di.

Nuair atáthar ag aithint ar tharla nó nár tharla iompraiocht bhulaiochta ba chóir don mhúinteoir cuimhneamh ar Cad, cá háit agus cathain:

- Ba cheart bualadh le gach páirtí go haonarach ar dtús
- Ina dhiaidh sin, ba cheart bualadh le gach duine le chéile, a fhad agus a mheastar nach gcruthóidh sin strus neamhriachtanach
- Má bhíonn grúpa scoláirí i gceist, ba chóir teagmháil a dhéanamh le gach scoláire ina (h)aonar ar dtús
- Ina dhiaidh sin, ba chóir bualadh le gach scoláire atá i gceist mar ghrúpa a fhad agus a chinntear nach gcuthóidh sin baraíocht strus don íospartach
- Ag an gcruinniú grúpa, ba chóir go n-iarrfaí ar gach scoláire a c(h)untas féin ar ar tharla a thabhairt lena chinntiú go bhfuil gach duine sa ghrúpa soiléir faoi thuairimí a chéile
- Ba chóir tacaíocht a thabhairt do gach scoláire de réir mar is cuí, i ndiaidh an chruinnithe grúpa
- Seans go mbeadh sé ina chuidiú a iarraidh ar na scoláirí atá i gceist a gcuntas ar an eachtra/na heachtraí a scríobh síos
- Tabharfaidh an scoil tacaíocht do thuismitheoirí más gá. Molfar acmhainní/treoracha foirsteanacha.

## I gcás gur tharla iompar bulaíochta

- Is dlúthchuid de phobal na scoile iad na tuismitheoirí agus tá ról tábhachtach acu, i gcomhar le scoileanna, maidir le dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochta. I gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta, ní mór teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na scoláirí atá i gceist go luath chun iad a chur ar an eolas faoin gcás agus chun dul i gcomhairle leo maidir leis na gníomhaíochtaí atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht
- Tá sé tábhachtach éisteacht le tuairimí an scoláire a bhfuil iompraíocht bhulaíochta á fulaingt aige/aici maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis an gcás
- Ba chóir taifead a choinneáil den phlé a rinneadh le gach duine a bhí i gceist > ba chóir go ndéanfadh

an taifead seo doiciméadú ar fhoirm agus ar chineál na hiompraíochta bulaíochta, más eol sin (Aguisín 3 – ar Aladdin), cá háit agus cathain a tharla sé agus dáta na teagmhála tosaigh leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí. Ba chóir go mbeadh tuairimí na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí maidir leis na gníomhartha atá le déanamh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta san áireamh sa taifead

- Roinntear an taifead seo leis an Phríomhoide.

**Iarphlé i gcás gur tharla iompraíocht bhulaíochta**

- Ní mór don mhúinteoir dul i mbun plé arís leis na scoláirí agus na tuismitheoirí atá i gceist tráth nach bhfuil níos mó ná 20 lá scoile i ndiaidh na teagmhála tosaigh. Ar na tosca tábhachtacha atá le cuimhneamh orthu mar chuid den phlé seo tá cineál na hiompraíochta bulaíochta, éifeachtacht na straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíochta bhulaíochta agus an caidreamh idir na scoláirí atá i gceist
- Ba chóir don mhúinteoir an tathbhreithniú le scoláirí agus lena dtuismitheoirí a dhoiciméadú lena fháil amach an bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta agus tuairimí na scoláirí agus na dtuismitheoirí ina leith sin > ba chóir an dáta ar cinneadh go raibh deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh freisin
- Ba chóir aon teagmháil le seirbhísí/tacaíochtaí seachtracha a bhreacadh síos freisin
- D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le maoirseacht agus tacaíocht leanúnach do na scoláirí atá i gceist fiú nuair a bheidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta
- Mura bhfuil deireadh tagtha leis an iompraíocht bhulaíochta ba chóir don mhúinteoir athbhreithniú a dhéanamh ar na straitéisí a úsáideadh i gcomhairle leis na scoláirí atá i gceist agus a dtuismitheoirí agus ba cheart amlíne a aontú le haghaidh tuilleadh plé go dtí go dtiocfaidh deireadh leis an iompraíocht bhulaíochta
- Más léir go bhfuil an scoláire a bhfuil an iompraíocht bhulaíochta á léiriú aige/aici ag leanúint leis an iompraíocht a léiriú, ba chóir smaoineamh ar na straitéisí a úsáid chun déileáil le hiompraíocht mhíchuí dá bhforáiltear i gCód Iompair na scoile. Má chuimhnítear ar smachtbhannaí a ghearradh, is ceist é sin idir an scoláire ábhartha, a t(h)uismitheoirí agus an scoil
- Mura bhfuil tuismitheoir(í) sásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, de réir Nósanna Imeachta Bí Cineálta Chun Iompraíocht Bhulaíochta a Chosc agus Dul i nGleic léi do Bhunscoileanna agus Iarbhunscoileanna, ba chóir iad a atreorú chuig nósanna imeachta gearán na scoile
- Má tá tuismitheoir míshásta leis an gcaoi a ndeachaigh an scoil i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta, féadfaidh sé/sí gearán a dhéanamh leis an Ombudsman do Leanaí má chreideann sé/sí go raibh tionchar diúltach ag gníomhaíochtaí na scoile ar an scoláire

Bainfidh an scoil úsáid as na cuir chuige seo a leanas chun tacú leo siúd a ndéanfar bulaíocht orthu, iad siúd a bheidh mar fhinné agus iad siúd a léireoidh iompraíocht bhulaíochta (féach Caibidil 6 de ghnásanna Bí Cineálta):

**Clár tacaíochta na scoile do dhaltaí atá buailte ag bulaíocht mar seo a leanas:**

- Na himeachtaí a phlé leis na híospartaigh agus na finnéithe, ag cur sóláis orthu go raibh siad ceart na himeachtaí a thabhairt chun súile do lucht na foirne, nach raibh siad ag 'insint scéalta' agus go gcabhróidh a ngníomhartha le daoine eile; cuirfear i gcuimhne dóibh gur choir dóibh tuairisciú arís má bhíonn aon imní nua acu.
- Déanfaidh an múinteoir atá bainteach agus an príomhoide seiceáil ó am go chéile leis an bpáiste le cinntiú go bhfuil gach rud ceart.

- Tá cumarsáid idir baile an pháiste agus an scoil lárnach. Déanfaidh múinteoirí ranga teagmháil rialta le tuismitheoirí an pháiste chun a chinntiú nach bhfuil fadhbanna fós ann.
- Tá tacaíocht agus cumarsáid ghéar riachtanach freisin do na páistí a ghlac páirt in iompar bulaíochta.
- Déanfaidh múinteoirí ranga na n-íospartach agus na ndaltaí a ghlac páirt san iompar bulaíochta obair ar athchóiriú féin-mheasa na bpáistí i ngrúpaí beaga agus i suíomhanna ranga iomlána. Déanfar tuilleadh oibre ar chairdeas, scileanna sóisialta agus forbairt athléimneachta.
- Cuirfear córas "buddy" ar bun más gá.
- Déanfaidh an scoil iarracht cumarsáid a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí cuí maidir le daltaí a bhfuil comhairleoireacht ag teastáil uathu chun tacaíocht bhreise a fháil, mar shampla NEPS, Oide agus cláir/ láithreáin mar Webwise agus FUSE.

Mar a luaíodh cheana, is é príomhchuspóir na bhfiosrúchán agus an déileála le bulaíocht ná aon fhadhbanna a réiteach agus caidreamh na bpáirtithe a chur ar ais nó a fheabhsú, chomh fada agus is féidir, seachas é a bheith faoi locht a chur.

**I gcás ar bith a éilíonn smachtbhannaí a chur i bhfeidhm ar dhaltaí, is ábhar príobháideach é idir na daltaí, a dteaghlaigh agus foireann scoile ábhartha.**

Déanfar gach iompraíocht bhulaíochta a thaifeadadh. San áireamh ansin beidh an cineál iompraíochta, cá háit agus cathain a tharla sé, agus dáta an chaidrimh le scoláirí agus tuismitheoirí. Déanfar na gníomhaíochtaí agus na tacaíochtaí comhaontaithe chun dul i ngleic le hiompraíocht bhulaíochtaa dhoiciméadú. Más ábhar imní í an iompraíocht bhulaíochta maidir le cosaint leanaí déileálfar leis an gceist gan mhoill de réir *Gnásanna um Chumhdach Leanaí do Bhunscoileanna agus d'Iar-bhunscoileanna.*

## Mír D: Maoirseacht:

Cuirfidh an príomhoide uasdátú ar iompraíocht bhulaíochta i láthair ag gach cruinniú den Bhord Bainistíochta. San áireamh san uasdátú seo beidh líon na n-eachtraí iompraíochta bulaíochta a tuairiscíodh ón gcruinniú deireanach, líon na n-eachtraí leanúnacha agus líon iomlán na n-eachtraí ó thús na scoilbhliana. Sa chás gur tharla eachtraí iompraíochta bulaíochta, cuirfidh an príomhoide uasdátú ó bhéal ar fáil freisin lena n-áirítear nuair is ábhartha, eolas a bhaineann le treochtaí agus patrúin a aithníodh, straitéisí a úsáideadh chun dul i ngleic leis an iompraíocht bhulaíochta agus aon straitéisí níos leithne chun iompraíocht bhulaíochta a chosc agus dul i ngleic léi. Níl eolas pearsanta ná aitheantais san uasdátú seo. Féach Caibidil 7 de ghnásanna Bí Cineálta.

Tá an polasaí seo ar fáil do phobal na scoile ar shuíomh idirlín na scoile agus ina chóip chrua ach é a iarraidh. Tá leagan den pholasaí seo atá in oiriúint do scoláirí ar taispeáint sa scoil agus tá sé ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin agus ina chóip chrua ach é a iarraidh.

Déanfar an polasaí seo agus a chur i bhfeidhm a athbhreithniú ar bhonn bliantúil nó a luaithe agus is indéanta tar éis athrú ábhartha a bheith ann in aon ábhar dá dtagraíonn an polasaí seo.

**Sínithe:** Colm Ó Tuathaláin **Dáta:** 18/06/25

**(Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta)**

**Sínithe:** Pól Mac Daibhéid **Dáta:** 18/06/25

**(Príomhoide)**